



An Bhruiséil, 26 Deireadh Fómhair 2023  
(OR. en)

14786/23

**DENLEG 48**  
**AGRILEG 258**  
**PESTICIDE 52**

## NÓTA CLÚDAIGH

---

ó:	An Coimisiún Eorpach
dáta a fuarthas:	25 Deireadh Fómhair 2023
chuig:	Ardrúnaíocht na Comhairle
Uimh. an doic. ón gCoim.:	D091942/2

---

Ábhar: RIALACHÁN (AE) .../... ÓN gCOIMISIÚN an XXX lena leasaítear larscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le huasleibhéil iarmhar le haghaidh cíafluimeitifeine, ocsaitiaipiopróiline agus pireaclóstróibine i dtáirgí áirithe nó ar tháirgí áirithe

---

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad D091942/2.

---

Faoi iamh: D091942/2



An Bhruiséil, **XXX**  
PLAN/2023/1703  
(POOL/E4/2023/1703/1703-EN.docx)  
D091942/02  
[...] (2023) **XXX** draft

## **RIALACHÁN (AE) .../... ÓN gCOIMISIÚN**

**an XXX**

**lena leasaítear Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le huasleibhéil iarmhar le haghaidh cíafluimeitifeine, ocsaitiaipróiline agus pireaclóstróibine i dtáirgí áirithe nó ar tháirgí áirithe**

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

## RIALACHÁN (AE) .../... ÓN gCOIMISIÚN

an **XXX**

**lena leasaítear Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le huasleibhéil iarmhar le haghaidh cíafluimeitifeine, ocsaitiaipróiline agus píreaclóstróibine i dtáirgí áirithe nó ar tháirgí áirithe**

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Feabhra 2005 maidir le huasleibhéil d'iarmhair lotnaidicídí i mbia agus i mbeatha de bhunadh plandaí nó ainmhíoch nó ar bhia agus ar bheatha den sórt sin agus lena leasaítear Treoir 91/414/CEE ón gComhairle<sup>1</sup>, agus go háirithe Airteagal 14(1), pointe (a), de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) I gcás na substaintí gníomhacha cíafluimeitifein, ocsaitiaipróilin agus píreaclóstróibin, socraíodh uasleibhéil iarmhar ('MRLanna') in Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 396/2005.
- (2) Maidir le cíafluimeitifein, cuireadh isteach iarratas de bhun Airteagal 6(1) de Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 ina n-iarrtar an MRL atá ann cheana a mhodhnú le haghaidh cíafluimeitifeine i gcúirséid agus gircíní.
- (3) I gcás an iarratais sin, rinne Ballstát iarraidh ar úsáid a bhaint as an nós imeachta mear dá bhforáiltear sna Treoirlínte Teicniúla maidir leis an nós imeachta chun MRL a shocrú<sup>2</sup>, chun MRL a shocrú ar bhonn trialacha iarmhar ar chúcamair.
- (4) Rinne an tÚdarás Eorpach um Shábháilteacht Bia (an tÚdarás) measúnú ar thrialacha iarmhar ar chúcamair faoi chuimsiú an athbhreithnithe ar na MRLanna atá ann cheana le haghaidh cíafluimeitifeine agus thug sé tuairim réasúnaithe uaidh maidir leis an MRL atá beartaithe<sup>3</sup>. Braitheann an tuairim sin ar an eolas reatha eolaíoch agus teicniúil ar an ábhar. Ós rud é gurb iomchuí eachtarshuí a dhéanamh ó na trialacha ar iarmhair arna ndéanamh ar chúirséid, gircíní agus 'guird eile a bhfuil craiceann do-ite orthu', mar a dheimhnítear leis na Treoirlínte Teicniúla maidir le heachtarshuíomh

<sup>1</sup> IO L 70, 16.3.2005, lch. 1.

<sup>2</sup> *Technical guidelines MRL setting procedure in accordance with Articles 6 to 11 of Regulation (EC) No 396/2005 and Article 8 of Regulation (EC) No 1107/2009* [Treoirlínte teicniúla maidir leis an nós imeachta chun MRL a shocrú i gcomhréir le hAirteagail 6 go 11 de Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 agus le hAirteagal 8 de Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009] (SANTE/2015/10595 Rev. 6.1).

<sup>3</sup> An tÚdarás Eorpach um Shábháilteacht Bia. *Reasoned opinion on the review of the existing maximum residue levels for cyflumetofen according to Article 12 of Regulation (EC) No 396/2005* [Tuairim réasúnaithe maidir leis an athbhreithniú ar na huasleibhéil iarmhar atá ann cheana le haghaidh cíafluimeitifeine de réir Airteagal 12 de Rialachán (CE) Uimh. 396/2005]. *EFSA Journal* [Iris EFSA], 2021;19(8):6812.

- MRLanna<sup>4</sup>, ní gá iarraidh ar an tÚdarás tuairim réasúnaithe a sholáthar maidir leis na barra sin go sonrath.
- (5) Dá bhrí sin, is iomchuí an MRL le haghaidh cialfluimeitifeine i gcuirséid, gircíní agus ‘guird eile a bhfuil craiceann inite orthu’ a shocrú ag 0,4 mg/kg ar bhonn na dtrialacha iarmhar arna ndéanamh ar chúcamair.
  - (6) Maidir le hocsaitiaipróilín, cuireadh isteach iarratas de bhun Airteagal 6(1) de Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 ina n-iarrtar an MRL atá ann cheana a mhodhnú le haghaidh duillí raidise.
  - (7) Maidir le pireaclóstróibín, cuireadh isteach iarratas ar lamhátais allmhairiúcháin le haghaidh na substainte sin a úsáidtear sa Bhrasáil ar phapánna de bhun Airteagal 6(2) agus (4) de Rialachán (CE) Uimh. 396/2005. Sholáthair an t-iarratasóir sonraí a léiríonn go sáraíonn na hiarmhair na MRLanna a shocraítear i Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 nuair a úsáidtear pireaclóstróibín ar an mbarr sin de réir mar a údaraítear í a úsáid sa Bhrasáil, agus go mbeadh gá le MRL níos airde chun bacainní trádála ar allmhairiú an bhairr sin isteach san Aontas a sheachaint.
  - (8) I gcomhréir le hAirteagail 8 agus 9 de Rialachán (CE) Uimh. 396/2005, rinne na Ballstáit lena mbaineann meastóireacht ar na hiarratais sin agus cuireadh na tuarascálacha meastóireachta ar aghaidh chuig an gCoimisiún.
  - (9) Rinne an tÚdarás measúnú ar na hiarratais agus ar na tuarascálacha meastóireachta. Rinne sé scrúdú faoi leith ar na rioscaí atá ann do thomhaltóirí agus, i gcás inarb ábhartha, d’ainmhithe, agus thug sé tuairimí réasúnaithe uaidh faoi na MRLanna atá beartaithe<sup>5</sup>. Chuir sé na tuairimí réasúnaithe uaidh ar aghaidh chuig na hiarratasóirí, chuig an gCoimisiún agus chuig na Ballstáit agus chuir sé ar fáil don phobal iad.
  - (10) Maidir le hocsaitiaipróilín i nduilleí raidise, tháinig an tÚdarás ar an gconclúid gur ghá do na bainisteoirí riosca an cheist a scrúdú a thuilleadh maidir le conas an MRL beartaithe a chur chun feidhme, ós rud é go n-áirítear duillí raidise i gCuid B d’Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 agus go n-aicmítear iad faoin bhfoghrúpa cáil, dá dtagraítear i gCuid A den Iarscríbhinn sin, ach go ndíorthaítear iarmhair ocsaitiaipróilíne i nduilleí raidise ó úsáid na substainte sin ar raidisí. Ós rud é nach dtuairiscítear aon úsáid san Aontas faoi láthair le haghaidh ocsaitiaipróilíne i gcáil, i gcomhréir leis an gcinneadh a rinne an Buanchoiste um Plandaí, Ainmhithe, Bia agus Beatha<sup>6</sup>, is iomchuí an MRL nua 1,5 mg/kg a mhol an tÚdarás le haghaidh ocsaitiaipróilíne i nduilleí raidise amháin a bhunú.

<sup>4</sup> *Technical guidelines on data requirements for setting maximum residue levels, comparability of residue trials and extrapolation of residue data on products from plant and animal origin* [Treoirilínte teicniúla maidir le ceanglais sonraí chun uasleibhéil iarmhar a shocrú, inchomparáideacht trialacha iarmhar agus eachtarshuíomh sonraí faoi iarmhair i ndáil le táirgí de thionscnamh plandaí agus ainmhíoch] (SANTE/2019/12752 – an 10 Bealtaine 2023).

<sup>5</sup> *Reasoned Opinion on the modification of the existing maximum residue level for oxathiapiprolin in kales/radish leaves* [Tuairim réasúnaithe maidir le modhnú a dhéanamh ar an uasleibhéil iarmhar atá ann cheana le haghaidh ocsaitiaipróilíne i gcáil/duillí raidise]. *EFSA Journal* [Iris EFSA] 2022;20(1):7049, *Reasoned Opinion on the setting of import tolerance for pyraclostrobin in papayas* [Tuairim réasúnaithe maidir le lamhátais allmhairiúcháin a shocrú le haghaidh pireaclóstróibíne i bpapánna]. *EFSA Journal* [Iris EFSA] 2023;21(6):8056.

<sup>6</sup> Tuarascáil ón mBuanchoiste um Plandaí, Ainmhithe, Bia agus Beatha, an Roinn Fíteacógaisíochta — Iarmhair, Aibreán 2022. [https://food.ec.europa.eu/system/files/2022-05/sc\\_phyto\\_20220411\\_ppl\\_sum.pdf](https://food.ec.europa.eu/system/files/2022-05/sc_phyto_20220411_ppl_sum.pdf).

- (11) Maidir le pireaclóstróibin i bpapánna, tháinig an tÚdarás ar an gconclúid gur ghá do na bainisteoirí riosca an cheist a scrúdú a thuilleadh maidir le cé acu MRL nua de 0,6 mg/kg a bhunú, mar a dhíorthaigh an tÚdarás ar bhonn an mheasúnaithe ar na trialacha ar iarmhair arna ndéanamh ar phapánna a chuir an Brasaíl isteach, nó de 0,5 mg/kg, mar atá i bhfeidhm sa tír is onnmhaireoir, an Bhrasaíl. I gcomhréir leis na Treoirlínte Teicniúla maidir leis an nós imeachta chun MRL a shocrú<sup>7</sup>, MRL a bhunaítear faoi chuimsiú iarratais ar lamháltas allmhairiúcháin, níor cheart dó an MRL a fhorghéar sa tír is onnmhaireoir a shárú. Dá bhrí sin, is iomchuí an MRL a shocrú ag an leibhéal a leagtar síos sa Bhrasaíl (0,5 mg/kg).
- (12) Maidir leis na modhnuithe thuasluaite uile a d'iarr na hiarratasóirí ar na MRLanna le aghaidh cíafluimeitifeine, ocsaitaipiopróiline agus pireaclóstróibine, tháinig an tÚdarás ar an gconclúid gur comhlíonadh na ceanglais sonraí uile agus gurbh inghlactha na modhnuithe a d'iarr na hiarratasóirí ar na MRLanna maidir le sábháilteacht an tomhaltóra ar bhonn measúnú ar theagmháil an tomhaltóra i gcás 27 ngrúpa tomhaltóirí Eorpacha sonracha. Leis an gconclúid sin, chuir an tÚdarás na sonraí is déanaí ar airíonna tocsaineolaíoch na substaintí san áireamh. Maidir le teagmháil fhadtéarmach leis na substaintí sin trí chaitheamh na dtáirgí bia go léir a bhféadfadh siad a bheith iontu, agus maidir le teagmháil ghearrthéarmach trí go leor de na táirgí lena mbaineann a chaitheamh, ní léirítear baol i leith ceachtar acu sin go sárófaí an iontógáil laethúil inghlactha nó an ghéardháileog thagartha.
- (13) Ar bhonn na dtuairimí réasúnaithe ón Údarás, agus na gnéithe ábhartha a liostaítear in Airteagal 14(2) de Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 á gcur san áireamh, comhlíonann na modhnuithe atá beartaithe ar na MRLanna ceanglais an Airteagail sin.
- (14) Dá bhrí sin, ba cheart Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 a leasú dá réir.
- (15) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ón mBuanchoiste um Plandaí, Ainmhithe, Bia agus Beatha,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

#### *Airteagal 1*

Leasaítear Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.

#### *Airteagal 2*

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

---

<sup>7</sup> *Technical guidelines MRL setting procedure in accordance with Articles 6 to 11 of Regulation (EC) No 396/2005 and Article 8 of Regulation (EC) No 1107/2009* [Treoirlínte teicniúla maidir leis an nós imeachta chun MRL a shocrú i gcomhréir le hAirteagail 6 go 11 de Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 agus le hAirteagal 8 de Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009] (SANTE/2015/10595 Rev. 6.1).

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann an Choimisiúin*  
*An tUachtarán*  
*Ursula VON DER LEYEN*